C/2024/6498

28.10.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine aonair atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2756 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme 2024/2755, ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití

(C/2024/6498)

Dírítear aird na ndaoine aonair a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2756 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme 2024/2755 ón gComhairle [4], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Ceanglaítear le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/2309 arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme 2024/2755, ar dhaoine aonair tuairisc a thabhairt laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn I faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Ballstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás náisiúnta inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gurb éard atá inti, teacht timpeall ar na bearta maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a léirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme 2024/2755.

---

[1] IO L 307, 28.11.2022, lch. 135.
[2] IO L, 2024/2756, 24.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2756/oj.
[3] IO L 307, 28.11.2022, lch. 17.
[4] IO L, 2024/2755, 24.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2755/oj.